# PLEAN SEIRBHÍSE 2015 BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LÚ AGUS NA MÍ

| Clár | 2014 Iarbhír | Plean Seirbhíse 2015 | Méadú/(Laghdú) | | Nóta |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | % | |
| **Ginearálta & Iar-Bhunscoile** | | | | | |
| Pá (scoileanna & CO) | 50,691 | 53,839 | 3,148 | 6% | |
| Neamhphá eile (scoileanna & CO) | 3,824 | 4,061 | 237 | 6% | |
| Caiteachas gaolmhar agus spriocdhírithe | 1,913 | 2,032 | 119 | 6% | |
| Cláir um Chríochn Scoile (lena n-áirítear béilí) | 1,215 | 1,290 | 75 | 6% | |
| Oideachas Aosach - costais neamhphá | 114 | 122 | 7 | 6% | |
| **Fo-iomlán** | **57,757** | **61,345** | **3,587** | **6%** | **1** |
| **Breisoideachas agus Oiliúint** | | | | | |
| Ógtheagmháil | 4,400 | 5,729 | 1,330 | 30% | |
| Treoir agus Comhairleoireacht | 86 | 96 | 10 | 12% | |
| Oiliúint Riachtanas Speisialta SDOG (pá san | 62 | 62 | 0 | 0% | |
| áireamh) | 2,312 | 2,604 | 292 | 13% | |
| Litearthacht d'Aosaigh | 1,209 | 1,709 | 500 | 41% | |
| Oideachas Pobail | 487 | 678 | 191 | 39% | |
| Filleadh ar an Oideachas | 1,237 | 1,775 | 538 | 44% | |
| Caipitíocht PLC agus LDA Treoir um | 600 | 938 | 338 | 56% | |
| Oideachas Aosach | 235 | 546 | 311 | 132% | |
| Scileanna don Obair | 199 | 260 | 61 | 30% | |
| Forbairt Ghairmiúil Leanúnach | 4 | 50 | 46 | 1,110% | |
| Tionscnamh Creat Cáilíochta | 2 | 10 | 8 | 377% | |
| Oideachas don Lucht Siúil | 36 | 0 | (36) | (100%) | |
| Tionscadail Nuálacha | 0 | 2,593 | 2,593 | #DIV/0! | |
| Ionad Scileanna agus Oiliúna Réigiúnach | 9,262 | 18,836 | 9,575 | 103% | |
| **Fo-iomlán** | **20,130** | **35,886** | **15,755** | **78%** | **2** |
| **Seirbhísí um Obair Óige** | **222** | **250** | **28** | **13%** | **3** |
| **Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn** | **1,062** | **300** | **(762)** | **(72%)** | **4** |
| **Gníomhaireachtaí/ Tionscadail Féinmhaoinithe** | **3,851** | **4,000** | **149** | **4%** | **5** |
| **Caipiteal** | **2,861** | **10,509** | **7,647** | **267%** | **6** |
| **Iomlán** | **85,884** | **112,289** | **26,405** | **31%** | |

**Nótaí**

**1) Ginearálta & Iar-Bhunscoile**
Sáróidh riachtanais chaiteachais in 2015 riachtanais 2014. Meastar go méadóidh an rollú le 592/5% go 11,158 i mí Mheán Fómhair. Tá rollú reatha 700/7% níos airde ná 2013/14. De réir mar a mhéadaíonn rollú méadaíonn líon na múinteoirí agus, dá bhrí sin, an bille pá. Bíonn scoileanna a sháraíonn tairseacha rollaithe áirithe incháilithe le haghaidh foirne breise.m.sh., leas-phríomhoide, riarachán, airíochas agus glanadh. Má bhíonn mic léinn bhreise ann, caithfear freastal ar a riachtanais bhreise agus mar sin méadaítear costais riaracháin. Léiríonn sé seo é féin ar go leor bealaí lena n-áirítear leabhair, TF, ábhair, solas agus teas, turais, scrúduithe, glanadh, árachas, bruscar, forchostais agus go leor eile.

**2) Breisoideachas agus Oiliúint (BO)**
Tá figiúirí an Phlean Seirbhíse mar an gcéanna leo siúd a cuireadh faoi bhráid SOLAS ar dtús faoi phróiseas pleanála BO 2015. Ba chóir a thabhairt faoi deara go sáraíonn na méideanna leithdháileadh táscach BO 2015 de €30.2 milliún. Léiríonn an méadú an costas a bhaineann leis na seirbhísí BO breise a sheachadadh ar mian le BOOLM a sholáthar. Áirítear orthu seo:

‘freastal ar riachtanais chohóirt tosaíochta an RCS trí chúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha a sholáthar; áirítear leo seo cúrsaí oiliúna
‘agus printíseachtaí a sholáthar chun freastal ar ghanntanas scileanna,
‘fiontraíocht a chur chun cinn trí chúrsaí a sholáthar, grúpaí meantóirí agus scéim dámhachtana a bhunú, athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar an chúrsa,
‘scéim nasc fostóra/múinteoirí a fhorbairt, taithí oibre a chur chun cinn i ngnólachtaí nuathionscanta áitiúla, tionscadal píolótach a dhéanamh de chlár meantóireachta fostaí,
‘freastal ar riachtanais cheantair Gaeltachta,
‘dúnadh CTC Dhroichead Átha a éascú agus riachtanais dul chun cinn a chuid daltaí a sholáthar,
‘níos mó oiliúna foirne a sholáthar,
‘ionad nua Ógtheagmhála a oscailt in Baile Átha Fhirdhia agus an Dul Chun Cinn Ógtheagmhála a aistriú chuig áitreabh amháin,
‘ionaid Treorach um Oideachas Aosach a oscailt i nDún Dealgan, i mBaile Átha Fhirdhia agus i mBaile Átha Buí,
‘méadú a chur ar líon na mac léinn Litearthachta d'Aosaigh a ghnóthaíonn deimhniú foirmiúil,
‘soláthar dian-teagaisc litearthachta a mhéadú,
‘soláthar an chláir Scileanna don Obair a leathnú,
‘' cabhrú le foghlaimeoirí faoi mhíchumas trí chúntóirí agus comhairleoireacht leordhóthanach a sholáthar, inrochtaineacht choirp a fheabhsú,
‘ ábhair chúrsa a oiriúnú.

Tabhair faoi deara nach léiríonn 2014 ach sé mhí de chaiteachas Ionad Scileanna agus Oiliúna Réigiúnach, i.e. ón 1 Iúil. Ní chuimsíonn i bhfigiúirí 2015 gníomhaíochtaí atá le haistriú chuig BOO an Chabháin/Mhuineacháin.

**3) Seirbhísí um Obair Óige:**

Déantar foráil sa Phlean Seirbhíse do leathnú ar sheirbhísí agus ar dheontais clubanna óige chun an méadú leanúnach ar dhaonra a léiriú.

**4) Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn**
Aistríodh an fhreagracht as iarratais nua ar dheontais mac léinn a phróiseáil chuig Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) in 2012. Tá BOOanna agus comhairlí ag déanamh íocaíochtaí le mic léinn atá sa chóras cheana faoin am sin. De réir mar a chríochnaíonn na mic léinn seo a gcuid staidéir laghdaíonn an méid iomlán a íoctar gach bliain. Mar sin beidh an maoiniú a theastaíonn in 2015 níos ísle ná 2014.

**Nótaí (ar lean)**

**5) Gníomhaireachtaí/ Tionscadail Féinmhaoinithe**

Cuimsíonn an ceannteideal seo gníomhaíochtaí arna maoiniú seachas ón Roinn Oideachais nó ó SOLAS. Ciallaíonn gnéithe suntasacha cuntais bhainc scoile,
éilimh árachais, béilí scoile, tionscadail AE/Leargas, giniúint ceoil. Meastar go dtiocfaidh méadú ar chaiteachas ag teacht le rollú scoile agus tá súil againn go dtiocfaidh méadú ar ghníomhaíocht tionscadail an AE.

**7) Caipiteal:**

Déantar foráil sa phlean do chaiteachas de €5.9 milliún in Ginearálta agus Iar-Bhunscoile. Baineann €1.5m le síneadh agus cóiríocht shealadach i gColáiste Ráth Tó, baineann €1.1m le síneadh agus oibreacha samhraidh in Oiliféir Naofa, Droichead Átha agus tá €1m le haghaidh tógála de scoil nua i Maigh Dearmhaí. San iarmhéid, cuimsítear tionscadail níos lú sa dá chontae.
Déantar foráil sa Phlean Seirbhíse do riachtanais chaipitil sa Bhreisoideachas agus san Oiliúint tríd an iarraidh de €4.6m a cuireadh isteach cheana ar SOLAS a léiriú faoi phróiseas pleanála BO 2015. Foráiltear le €4.6m d'infheistíocht i PLC lena n-áirítear suíomh do CBO Dún Bhúinne, uasghrádú ar TFC agus sciathán nua do DIFE, uasghrádú TFC do Choláiste O'Fiaich, athfheistiú agus athchóiriú RSTC agus athchóiriú ar áitribh BO.